

Cumann Camógaíochta Chois Fharraige

Tá 137 cailíní cláraithe leis an gCumann i mbliana. Tá 7 bhfoireann againn, Faoi-9, Faoi-10, Faoi-12, Faoi-13, Faoi-14, Faoi-16 agus Sóisearach, agus glacann muid páirt i gcomórtais an Chontae agus Iarthar na Gaillimhe. Tá imreoirí againn ó na Forbacha siar go dtí an Cheathrú Rua.

Chuir an fhoireann Faoi-10 tús maith leis an mbliain nuair a bhuaigh siad Corn Dheisceart na Gaillimhe thíos in Ard Rathain. Bhuaigh siad Ard Rathain, Uarán Mór, Droichead an Chláirín agus Bóthar na Trá ar a mbealach go dtí an Cluiche Craoibhe.

Níos fearr fós, rinne siad éacht nuair a bhuaigh siad Comórtas an Chontae Faoi-10 i Mí Meitheamh lena mbua stairiúil ar Uarán Mór sa chluiche ceannais. Ba í seo an chéad uair ariamh a tugadh Corn an Chontae Faoi-Aois siar go Cois Fharraige. Bronnadh an gradam "Laoch an Chluiche" ar Darina Ní Challanáin, captaen Chois Fharraige. Bhí tinte cnámha lasta ón Spidéal siar

go Ros an Mhíl ag fáiltiú roimh an bhfoireann. Seo thíos an cur síos a deineadh sa "Connacht Tribune" ar an gcluiche.

Bua Stairiúil ("An Curadh Connachtach", Meitheamh 2005)

Bhí tinte cnámha lasta ón Spidéal siar go Ros an Mhíl ag fáiltiú roimh fhoireann bhuacach camógaíochta Chois Fharraige (Faoi 10) tar éis dóibh Corn an Chontae a thabhairt leo, don chéad uair ariamh Dé Domhnaigh seo caite. Ba iad cailíní Uaráin Mhóir a gcéilí comhraic sa chluiche ceannais a himríodh i gCill Íomair. Cluiche breá díograsach a bhí ann agus ní raibh ach cúl amháin idir na foirní ag an deireadh. Ba í

Cristín Nic Ghiolla Choinnigh a fuair an cúl cinniúnach do Chois Fharraige le cúnamh ó Darina Ní Challanáin tar éis di féin pas álainn a fháil ó Aisling Ní Chonchubhair. Bhí seansanna dá gcuid féin ag Uarán Mór ó Niamh agus Ciara Hanniffy agus Danielle Cleary ach rinne Laoise Bleasdale (an cúl báire), Karen Ní Dhonncha, Tara Nic Craith agus Síofra Ní Chlochartaigh an-chosaint agus choinnigh siad cúl Chois Fharraige slán. Fuair siad tacaíocht mhaith ó Órfhlaith Ní Dhireáin agus Caitríona Ní Churraoin i lár na páirce. Thaispeáin imirt bhríomhair Ciana Ní Churraoin, Áine Ní Bhiataigh agus Loretta Ní Challanáin nach mbeadh cailíní Chois Fharraige sásta dul siar abhaile folamh. An bua stairiúil seo tuillte go maith acu!

An Fhoireann: Laoise Bleasdale, Karen Ní Dhonncha, Tara Nic Craith, Darina Ní Challanáin (Capt), Síofra Ní Chlochartaigh, Órfhlaith Ní Dhireáin, Caitríona Ní Churraoin, Ciana Ní Churraoin, Áine Ní Bhiataigh, Aisling Ní Chonchubhair, Cristín Nic Ghiolla Choinnigh, Loretta Ní Challanáin, Adhna Ní Bhraonáin, Éabha Nic Dhonnagáin, Brogan Ní Choisdealbhai Róisín Ní Neachtain, Sinéad Ní Chadhain, Sarah Ní Chualáin, Sinéad Ní Longáin.



Foireann Chois Fharraige a bhuaigh Corn an Chontae Faoi 10 tar éis an bua a fháil ar Uarán Mór sa Chluiche Ceannais

Chun tosaigh: Róisín Ní Neachtain, Brogan Ní Choisdealbha, Adhna Ní Bhraonáin, Éabha Nic Dhonnagáin, Laoise Bleasdale, Síofra Ní Chlochartaigh, Ciana Ní Churraoin, Cristín Nic Ghiolla Choinnigh.

Sa lár: Sarah Ní Chualáin, Órfhlaith Ní Dhireáin, Karen Ní Dhonncha, Darina Ní Challanáin (Capt), Caitríona Ní Churraoin, Aisling Ní Chonchubhair, Tara Nic Craith, Sinéad Ní Longáin, Áine Ní Bhiataigh agus Loretta Ní Challanáin.

Ar Chúl: Bríd Bleasdale, Andy Bleasdale, Máirtín Ó Dubhghaill agus Martina Ní Ghabháin